# Dé Máirt 2ú

### TASC 1: AG FIOSRÚ FOCAL

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **filleadh**?
   (a) Dul in olcas
   (b) Dul ar ais
   (c) Dul ar strae

2. Tá an frása **in aghaidh** ag bun an téacs seo. An bhfuil slí eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **in am**?
   (a) Déanach
   (b) Réidh
   (c) Spórtúil

4. Beidh Rás Scipeála ann ar an lá spóirt seo. Ainmnigh 3 rás eile.

### TASC 2: AG FIOSRÚ FEASA

1. Cad é príomhábhar an téacs seo?
2. Cad a thaitin leat faoin téacs seo?
3. Luaigh rud amháin spéisiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.
4. Cad é an rud is fearr leat féin faoin lá spóirt ar scoil?
5. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach páirt a ghlacadh i lá spóirt, dar leat?

An Lá Spóirt



# An Lá Spóirt

## Fógra Scoile

### Lá Spóirt i bpáirceanna na scoile

**Dé Luain 5 Meitheamh**

Caithfidh gach páiste a bheith gléasta roimh am scoile sna héadaí cearta do na himeachtaí spóirt. Níl cead ag aon duine fáinní cluaise ná **slabhra** a chaitheamh. Nuair atá gach rang réidh, caithfidh sibh dul díreach chuig na páirceanna peile agus a bheith réidh le tosú ag a 10.00 a.m. Níl cead ag duine ar bith bia a thabhairt chuig na páirceanna ach tá cead agaibh buidéal uisce a thabhairt libh. Caithfidh sibh na buidéil a bhailiú agus a thabhairt ar ais nuair a bheidh sibh ag **filleadh** ar na ranganna. Tá sé tábhachtach go mbeidh gach duine páirteach sa lá spóirt seo. Má tá duine ar bith ann nach bhfuil in ann a bheith páirteach, caithfidh siad nóta a fháil ó thuismitheoir agus sin a phlé leis an múinteoir ranga. Caithfidh siad a bheith i láthair ar aon nós. Beidh bronnadh na nduaiseanna againn sa halla ar 1.30 p.m. Cuirfear fáilte mhór roimh thuismitheoirí ar an lá.

| | |
|---|---|
| **9.00 a.m.** | Tionól, halla na scoile (Beidh grianghrafadóir ann le grianghraf a thógáil de gach rang.) |
| **9.30 a.m.** | Déanamh réidh (Caithfidh gach páiste dul ar ais chuig an seomra ranga.) |
| **10.00 a.m.** | Rás 100 méadar (Rang 1–7) |
| **10.30 a.m.** | Rás Ubh agus Spúnóg (Rang 1–7) |
| **11.00 a.m.** | Sos |
| **11.15 a.m.** | Rás Barra Rotha (Rang 1–7)<br>Rás Scipeála (Rang 2 amháin) |
| **11.45 a.m.** | Caitheamh Fada<br>Rang 1–3 le mála pónairí<br>Rang 4–7 le liathróid |
| **12.00 p.m.** | Lón sa bhialann |
| **12.45 p.m.** | Cluiche Peile: Múinteoirí **in aghaidh** tuismitheoirí – an pháirc peile |
| **1.30 p.m.** | Bronnadh na nDuaiseanna i halla na scoile |
| **2.00 p.m.** | Críoch |

**Bígí in am agus bainigí linn!**

# Ceisteanna

**1. Beidh an lá spóirt ar siúl:**
(a) ag tús na seachtaine.
(b) i lár na seachtaine.
(c) ag deireadh na seachtaine.

**2. Cén fáth a gcaithfidh na páistí dul chuig halla na scoile ar dtús?**
(a) Lena gcuid éadaí spóirt a chur orthu féin
(b) Beidh bia ar fáil ann
(c) Beidh grianghraif le tógáil

**3. Cad é an t-aon rás nach mbeidh Rang 1 ag glacadh páirte ann?**
(a) Rás 100 méadar
(b) Rás Ubh agus Spúnóg
(c) Rás Scipeála

**4. Cé acu abairt atá fíor?**
(a) Is féidir le tuismitheoirí páirt a ghlacadh i ngach rás
(b) Beidh cluiche ann idir na múinteoirí agus na tuismitheoirí
(c) Beidh an lá spóirt ar siúl san earrach

**5. Cad atá le déanamh ag aon duine nach bhfuil in ann a bheith páirteach sa lá spóirt?**
(a) Fanacht sa bhaile
(b) Fanacht sa halla
(c) Insint don mhúinteoir

**6. Cén fáth a gcaithfidh na páistí dul go dtí halla na scoile ag deireadh an lae?**
(a) Beidh cóisir ar siúl
(b) Gheobhaidh na buaiteoirí na duaiseanna ansin
(c) Gheobhaidh na páistí obair bhaile

**7. Tá an focal slabhra in úsáid mar:**
(a) briathar.
(b) ainmfhocal.
(c) aidiacht.

**8. Cén sórt téacs é seo?**
(a) Dialann
(b) Fógra
(c) Dráma


# Caibidil 32: Achar

Nuair a dhéanann tú tomhas ar dhromchla, is é an toradh an t-**achar**.
Uaireanta, úsáidimid aonaid éagsúla chun rudaí a thomhas.

**1.**

| | dromchla | tomhais é le | meastachán | tomhais chearta |
|---|---|---|---|---|
| (a) | an leathanach seo | cártaí imeartha | | |
| (b) | barr an bhinse | clúdaigh litreach | | |
| (c) | doras an tseomra ranga | leabhair mhata | | |

Is féidir rudaí a thomhas mar a rinneamar thuas, ach tá sé i bhfad níos fearr an t-aonad caighdeánach céanna a úsáid.




Is é 1 cm tomhas gach taoibh.

Tugaimid ceintiméadar cearnach mar ainm air seo.

Scríobhaimid é seo mar $1\,cm^2$.

**2.** **Comhair líon na $cm^2$ i ngach ceann de na cruthanna seo chun a n-achar dromchla a fháil.**




**3.** **Dronuilleog 6cm ar fad agus 4cm ar leithead: cé mhéad $cm^2$ a chlúdódh sí?** ____ $cm^2$



SNÁITHE Tomhais SNÁITHAONAD/GNÉ *Achar*
TEANGA *meastachán, comparáid, achar, achar dromchla, cruthanna rialta/neamhrialta, $cm^2$, $m^2$*

# Chapter 32: Area


We call the measure of the surface of an object its **area**.
We may use different non-standard units to measure the following.

**1.**

| | surface area of | measured with | estimate | actual |
|---|---|---|---|---|
| (a) | this page | playing cards | | |
| (b) | desktop | envelopes | | |
| (c) | classroom door | maths books | | |




All of the above ways of measuring work, but it is much better to have the same standard unit.




Each side measures 1cm.
This is called a square centimetre.
We write this as 1 sq. cm or $1cm^2$

**2.** Count the number of $cm^2$ in each of these shapes to find its **surface area**.




**3.** How many $cm^2$ would a rectangle 6cm long and 4cm wide cover? ____ $cm^2$

**New T p.92: Phonics Revision + Blue Star Activity**

## Phonics: Revision

### Answer the questions.

Try to work out the answers. If you get stuck, look at the pages listed.

1. This word ends in '-ic' and means huge (Unit 4, page 26).
2. This is a part of your body that rhymes with rose (Unit 5, page 32).
3. This bird's name starts with a silent 'w' (Unit 6, page 38).
4. This is a land mammal with 'ph' in it (Unit 7, page 44).
5. This word is an animal with 'qu' in it (Unit 8, page 50).
6. This is a piece of art that ends with '-ture' (Unit 9, page 56).
7. This word ends in '-le' and is a plant that stings (Unit 10, page 62).
8. This word ends with '-ue' and is used to stick things (Unit 11, page 68).

Make up five more clues like the ones above using some of the phonics you have learned.